



ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

ÚDARÁS UCHTÁLA NA hÉIREANN

OIBRITHE SÓISIALTA ATÁ CÁILITHE GO GAIRMIÚIL AG TEASTÁIL

Is é Údarás Uchtála na hÉireann an comhlacht rialála maidir le huchtáil in Éirinn. Is mian leis an Údarás postanna a líonadh ag leibhéal an Oibrí Shóisialta atá Cáilithe go Gairmiúil. Tá na poist seo lonnaithe faoi láthair in oifigí an Údaráis i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Is seirbhísigh phoiblí iad fostaithe uile an Údaráis Uchtála.

Fostaíonn an tÚdarás Uchtála oibrithe sóisialta chun feidhmeanna rialála agus taighde a chomhlíonadh, mar a leagtar amach in Acht Uchtála 2010 maidir le huchtálacha baile agus uchtálacha idir tíortha. I measc na bhfeidhmeanna reatha i leith an Chláir Náisiúnta Uchtála um Rogha Teagmhála, áirítear rianú, cuardach agus athaontú maidir le comhad atá i seilbh an Udarás agus comhairleoireacht a thabhairt agus idirghabháil a dhéanamh i gcás páirtithe a mheitseáiltear tríd an gClár Náisiúnta Uchtála um Rogha Teagmhála.

Seo cuid de na dualgais agus freagrachtaí a bhaineann leis na poist seo:

- Uchtú Baile - athbhreithniú a dhéanamh ar gach cás maidir le hincháilitheacht agus oiriúnacht, agus athbhreithniú a dhéanamh ar gach socrúchán a dhéantar;
- Uchtú idir tíortha - dea-chleachtas a chinntiú maidir le meitseáil;
- Eolas & Rianú - eolas, tacaíocht agus idirghabháil páirtithe a mheitseáil tríd an gClár Náisiúnta Roghanna maidir le hlarratais ar Theagmháil a sholáthar;
- Feidhmeanna rialála - creidiúnú, iniúchadh agus monatóireacht ar sheirbhísí creidiúnaithe;
- Taighde - ag obair i gcomhar le taighdeoir lánaimseartha chun eolas a dhoimhniú, foghlaim a chur chun cinn agus cur leis an gcleachtas is fearr;
- Ag obair mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach lena n-áirítear taighde, riarachán, dlí agus leighis;
- Dualgais chosanta leanaí de réir an Achta um Leanaí ar dTús 2015 agus Leanaí ar dTús 2017;
- Forbairt ghairmiúil - forbairt ghairmiúil na foirne oibre sóisialta, óstáil seimineár agus fóraim eile do gheallsealbhóirí eile atá ag gabháil do uchtáil ar fud na hÉireann.

Ba chóir don iarrthóir:

- ar an dáta deiridh nó roimhe sin beidh cáilíocht ghairmiúil aitheanta agat in obair shóisialta agus bí cláraithe le CORU;
- scileanna oibre sóisialta a thaispeáint lena n-áirítear measúnú agus bainistíocht cásanna;
- taithe maidir le seirbhísí uchtála, seirbhísí leanaí agus teaghlaigh agus seirbhísí sóisialta comhchosúla a chur ar fáil;
- leibhéal ard scileanna scríbhneoireachta agus cur i láthair a thaispeáint;
- inniúlacht a bheith acu i gcórais Word agus Excel agus ríomhphoist;
- taithe a bheith agat ar sheachadadh seirbhíse i suíomh foirne solúbtha;
- tiomantas d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus dá cur chun cinn.

Tá an tuairisc poist seo beartaithe mar threoir ghinearálta ar raon na ndualgas agus níl sé deifnídeach ná sriantach. Forchoimeádan an tÚdarás Uchtála an ceart chun baill foirne laistigh den Údarás a shannadh de réir mar is cuí agus is gá.

Le haghaidh tuilleadh eolas faoin bpost agus faoin bpróiseas iarratais téigh chuig an rannán Nuachta ar shuíomh Gréasáin an Údaráis ag www.aai.gov.ie . **Is é 12 meánlae De Luan 09 Lúnasa 2021 an dáta deiridh d'iarratais.**